English version overleaf

# Am na Foilsitheoireachta

**‘Coigil aithinne d’aislinge.’**



Is í ár dteanga féin í.

Foras na Gaeilge



# Am na Foilsitheoireachta

***Cuirim mo dhóchas ar snámh***
***i mbáidín teanga…***

Is trí na haonaid An Gúm, Áis agus Clár na Leabhar Gaeilge a chuireann Foras na Gaeilge an léitheoireacht agus an fhoilsitheoireacht chun cinn go príomha.

Cuireann An Gúm foilseacháin agus áiseanna ar fáil a thacaíonn leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge i gcoitinne. Sa lá atá inniu ann is ag plé leis an bhfoclóireacht, le foilsiú téacsleabhar agus áiseanna scoile agus le hábhar léitheoireachta don aos óg is mó a bhíonn An Gúm. Tá cúram reachtúil ar leith ar Fhoras na Gaeilge maidir leis na nithe sin.

Bunaíodh Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (Áis) chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann Áis seirbhís dáiliúcháin ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus cinntíonn soláthar leabhair Ghaeilge ar an margadh.


Trí Chlár na Leabhar Gaeilge, cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil d'fhoilsitheoirí na Gaeilge trí Scéim na Foilsitheoireachta agus do scríbhneoirí na Gaeilge trí na scéimeanna scríbhneoireachta go príomha.

# An Gúm

Tá An Gúm i mbun foilsitheoireachta ardchaighdeáin ar feadh níos mó ná 90 bliain. Sa lá atá inniu ann is iad na réimsí seo a leanas is mó a bhíonn idir lámha againn:

- Pictiúrleabhair do dhaoine óga (réamhscoil, bunscoil)
- Úrscéalta ranga
- **www.seideansi.ie**
- Téacsleabhair bhunscoile agus iar-bhunscoile
- Leabhair eolais
- Foclóirí don aos scoile
- Póstaeir; míreanna mearaí
- Áiseanna digiteacha ar líne; comhaid fuaime ar *Soundcloud*
- Saothair thagartha; atheagráin de chlasaicí na luathbhlianta

Tá teacht ar gach eolas i dtaobh fhoilseacháin uile an Ghúim ar **www.angum.ie**.



Bunaíodh An Áisíneacht Dáileachán Leabhar (Áis) in 1980 chun leabhair Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Dáilimid leabhair de gach aon seánra ar mhargadh an domhain mhóir, ó leabhair do pháistí réamhscoile go bailiúcháin *Haiku*:

*a ghé fhiáin*
*cén tús*
*a bhí le d'aistear?*




# Clár na Leabhar Gaeilge

Trí Chlár na Leabhar Gaeilge, cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil d'fhoilsitheoirí agus do scríbhneoirí araon. Tá tuilleadh eolais faoinár bpríomhscéimeanna le fáil ar **www.forasnagaeilge.ie/fuinn/leitheoireacht-foilsitheoireacht/**, leithéidí:

- Scéim na Foilsitheoireachta
- Scéim na gCoimisiún
- An Scéim Meantóireachta
- Scéim na dTionscadal Litríochta

Bíonn Clár na Leabhar Gaeilge ag freastal ar ár n-údair is óige ar fad chomh maith. Is tionscadal é Scríobh Leabhar le scríbhneoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge a chothú i measc páistí bunscoile. Bíonn thart faoi 8,000 páiste páirteach sa tionscadal sin gach bliain agus rogha dá gcuid gaiscí le feiceáil ar shuíomh **www.scríobhleabhar.ie**.




Le caoinchead Choláiste Ollscoile Naomh Muire & Gerd Curley